

ORÁN ÁRANN.

Bhí Seán Ó Guairim as Leitir a Árd ina bhádoir. Bhí sé istigh an Árainn oidhche a leigeann na hoidhche harais. Nuair a d'éirigh sé ar maidin agus chuaidh an seóil, thosuigh sé a deanamh óráin mar seo:-

"Lá dhár sheol mé le Innis Meadhan Soir
d'éirigh eagla mhor orm's ní gan ádhbhair é
d'éirigh an fharrige 'na meallta árd
'S bhí chuile cheann acab chomh árd le maidhinn
Bhí dóchas láidir a'm as Rí na ngrásta
'S ar Muire mháthair a leig mé blaoigh
Ó chaith mé an barra isteach bhí m'anam sábháilte

'S bhí fáilte mhór romhan ar ais aríst
Ar chéibh Chill Rónáin tá na fir 's fiúntaighe
Dá bhfuil faoin Euroip seo uilig uiléig
Canfar balleuid ann is beidh baile mór ann
Beidh poll ancaire ann ag long 's bád
Níl aon bhreac dhá ndeachaidh i dtrap ná dtról ariamh
Nach bhfuil ar a ród ann le na nais a snámh
Tigheann an eala gheal faoi dhó sa ló ann
Beidh bóthar cóistí ann is jaunting car
Ní dheanfainn iongantas dhá bhfásfhadh síoda
Crainnte fiona thríd a talamh breagh
Sliocht a nathaireacha ó thús a líne
'S an creideamh díreach é cheap Rí na ngrásta
níl cainnt ar airann mar bhionn sa tír ann Níl cainnt ar shiomsa ann 's a dhul an ceóil
Nár thagaidh lagar orthab na galra chlaoidhfheas iad
An méid tá an aois acab go raibh siad óg
Á bhfeicfeá an yacht ann's a chutlaith ghléigeal
A máighistir Séamus 'sé dhul annonn
'S tá leabachaí ar dheis na ghréine
An packel station í dhul go Meiriocá
Séurd dubhairt gallchabhair agus doctúr Paton
Gur b'í Árainn foundation na bhfear is fearr
'S fuair solus fós dho Chlanne Gaedhal ann
'S lucht Chintésion a gheobhas bás

Sé Seán Ó Guairim a rinne órán an bháid dhóighte freisin. Rinne Seán amharáin eile freisin.

11/9/32.

Chuala Micilín an tamharán seo ag Murachadh na namharán. Ingean dhe Sheán Ó Ghuairim a bhí pósta ag Murachadha.